**Caingean arna tabhairt an 19 Lúnasa 2022 – Schrom Farms v an Coimisiún**

**(Cás T-507/22)**

(2022/C 408/49)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Schrom Farms spol. s r. o. (Velké Albrechtice, Poblacht na Seice) (ionadaithe: S. Sobolová agus O. Billard, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an caingean inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/908 an 8 Meitheamh 2022 lena n-eisiatar caiteachas áirithe ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh, ar caiteachas é arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 3543) (IO 2022 L 157, lch. 15) a neamhniú, a mhéid a bhfuil sé mar uirlis lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais caiteachas a bhaineann le deontas arna bhronnadh ag udaráis de chuid na Seice ar an iarratasóir dar luach EUR 30 606,96;

— a ordú don Choimisiún costais an iarratasóra a íoc; agus

— ordú a dhéanamh i leith aon bheart is cuí.

**Saincheisteana dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear nach leor an spreagadh atá ann chun caiteachas a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais, ar caiteachas é a bhaineann leis an deontas arna bhronnadh ag udaráis de chuid na Seice ar an iarratasóir dar luach EUR 30 606,96, i.e. nach bhfuil aon ráiteas ar chúiseanna ann, ar sárú é sin ar Airteagal 296 CFAE agus ar Airteagal 41 (2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an cosantóir cearta bunúsacha an iarratasóra, gó díreach agus go hindíreach, toisc nach bhfuair an t-iarratasóir deis a chuid tuairimí a chur in iúl le linn an iniúchta a rinneadh roimh don chinneadh atá faoi chonspóid a bheith glactha, cé go líomhnaítear go ndéantar dochar, leis an gcinneadh sin, don deontas a bronnadh ar an iarratasóir.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear nach bhfuil dlínse ag an gcosantóir dlí inmheánach na mBallstát a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear nár chruthaigh an cosantóir cén ábhar a bhí i ndlí na Seice agus go ndearna sé earráid trína léirmhíniú agus trína chur i bhfeidhm.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear, chomh maith leis sin, go ndearna an cosantóir earráid trí dhlí an Aontais a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, mar mheas sé go mícheart gur sáraíodh Airteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO 2018 L 193, lch. 1), agus mar chuir sé rialacha de chuid na Seice maidir le coimhlintí leasa i bhfeidhm de shárú ar bhunphrionsabail dhlí an Aontais, lena n-áirítear bunphrionsabal na córa comhionainne agus neamh-idirdhealú.